


# An Nollaig ag teacht

Seachtain roimh an Nollaig fuair na páistí laethanta saoire ón scoil. Rinne Mamaí an teach a ghlanadh agus a **mhaisiú.** Chuidigh Nóra léi na **maisiúcháin** a chur suas. D'iarr Mamaí ar Liam agus Tomás dul amach ag lorg **cuilinn** le **caora dearga.** I ndeireadh na dála fuair siad an **cuileann** istigh i sean-reilig. Níor inis siad an rud sin do Mhamaí in aon chor. Chuir Daidí an **Crann Nollag** sa seomra suite. Chuir sé **soilse daite** air agus chuir Nóra balúin agus tinsil air. Bhí Liam ag iarraidh réalta a chur ar bharr an chrainn.
**Baineadh dá chothrom** é agus thit sé isteach sa chrann. Leagadh an crann agus briseadh cuid de na **bolgáin leictreacha. Briseadh ar fhoighne** Dhaidí agus chuir sé an ruaig ar Liam.
Chuir siad an **mainséar** sa seomra suite freisin agus bhí dealbha den leanbh Íosa, den Mhaighdean Mhuire agus de Naomh Iósaf istigh ann. Chaith Mamaí lá iomlán ag déanamh **cácaí Nollag** agus **mearóga Nollag.**
Ba mhór an chabhair a thug Nóra di le linn na hoibre. Thug fear an phoist a lán cártaí Nollag dóibh agus chuir Nóra ar an matal iad. Chaith an chlann lá amháin ag déanamh **siopadóireacht na Nollag** sa chathair. Bhí fuinneoga na siopaí go léir **maisithe.** Leath na súile ar na páistí nuair a chonaic siad na bréagáin go léir. **Bhí fuadar** faoi na daoine go léir ag imeacht ó shiopa go siopa. Cheannaigh Daidí turcaí ag an **margadh.** Bhain na páistí an-taitneamh as na **ceoltóirí** a bhí **ag seinm** ar thaobh na sráide.

**Beannachtaí na Nollag:**
Nollaig faoi shéan is faoi mhaise duit (daoibh).
Nollaig shona duit (daoibh).
**Freagra**
Gurab amhlaidh duit (daoibh).

**Seanfhocal:**

Bia agus deoch um Nollaig agus éadach nua um Cháisc.

## A. Foclóir

**na maisiúcháin,** decorations
**cuileann,** holly
**dealbha,** statues
**mearóg,** pudding
**leath na súile air,** the eyes nearly popped out of his head
**fuadar,** hurry, haste

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a ndeachaigh Liam agus Tomás amach?
   — chun airgead a bhailiú.
   — ag lorg cuilinn le caora dearga.
   — ag bailiú cnónna agus úll.
2. Cad a rinne Daidí leis an gcrann Nollag?
   — Ghearr sé é.
   — Chuir sé sa pháirc é.
   — Chuir sé sa seomra suite é.
3. Cad a tharla nuair a leagadh an crann?
   — Briseadh cuid de na bolgáin leictreacha.
   — Thit sé anuas ar Liam.
   — Bhris sé an fhuinneog.
4. Cá raibh na ceoltóirí ag seinm?
   — ar chúl an tí.
   — i lár na páirce.
   — ar thaobh na sráide.

## C. Líon isteach na bearnaí:

1. Rinne Mamaí an teach a ghlanadh agus a -.
2. Fuair siad an cuileann istigh i - -.
3. Bhí Liam ag iarraidh - a chur ar bharr an -.
4. Chaith Mamaí lá amháin ag déanamh - - agus - -.
5. Bhain na páistí an-taitneamh as na - .

## D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuidigh Nóra le Mamaí roimh an Nollaig?
2. Cad a chuir Nóra ar an gcrann Nollag?
3. Conas a thit Liam isteach sa chrann?
4. Cén fáth a raibh fearg ar Dhaidí?
5. Cár chuir siad an mainséar?
6. Cén fáth ar leath na súile ar na páistí?
7. Cén fáth a raibh fuadar faoi na daoine?
8. Cad a cheannaigh Daidí ag an margadh?

## Gramadach 11

1. "Bhí na ceoltóirí ag seinm **ar thaobh na sráide**".
   i lár (an pháirc), in aice (an fhuinneog),
   ar chúl (an scoil), ar imeall (an reilig),
   os cionn (an oifig).
2. Baineadh **dá** chothrom **é.**
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan.)